

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 14

TACAÍOCHT I MEASC COMHGHEACAITHE

Is seanfhocal Gaeilge é “Ní neart go cur le chéile” agus is í an chiall atá leis “mura n-oibrímid le chéile, ní bheimid láidir”. I scoileanna, bímid ag brath ar thacaíocht ó chomhghleacaithe chun ár bpost a dhéanamh níos éasca agus chun níos mó taitnimh a bhaint as ár bpost. Tá an-tábhacht leis an tacaíocht seo:

- Agus sinn ag ceiliúradh rud éigin (éacht phearsanta, nó rud éigin a bhaineamar amach mar ghrúpa)
- Agus comhairle nó cabhair uainn
- I ndiaidh d'eachtra thromchúiseach d'iompar dúshlánach tarlú inár láthair

Cé go bhfuil córais mheantóireachta do mhúinteoirí / phríomhoidí nua-cháilithe ag teacht ar an saol anois, táimid in ann cabhair mhór a thabhairt dá chéile leis an tacaíocht neamhfhoirmiúil a thugaimid dár gcomhghleacaithe ar an bhfoireann. Seans gur mian linn tacaíocht a fháil, go háirithe, tar éis eachtra tromchúisí a chonaiceamar nó a raibh baint againn léi.

Is féidir linn tacaíocht mhorálta, tacaíocht struchtúrach, agus tacaíocht ghairmiúil a chur ar fáil.

- Tacaíocht mhorálta: a bheith ann chun éisteacht le do chomhghleacaithe agus ligean dóibh a gcuid mothúchán a chur in iúl.
- Tacaíocht struchtúrach: cabhair agus moltaí chun rudaí a d'fhéadfadh tarlú amach anseo a mhaolú / íoslághdú (m.sh. moladh do do chomhghleacaithe dalta a chur chugat má tharlaíonn a leithéid d'iompar arís)
- Tacaíocht ghairmiúil: déan iniúchadh le do chomhghleacaithe féachaint an bhfuil aon straitéisí nó smaointe ann a cheapann siad a d'fhéadfadh cabhrú leo cúrsaí a láimhseáil níos fearr an chéad uair eile.

Agus sinn ag tabhairt tacaíochta do chomhghleacaithe tar éis d'eachtra tarlú, seans go mbeidh orainn:

- Éisteacht: leis na rudaí a bheidh le rá acu agus sinn ar an airdeall faoi na mothúcháin atá á léiriú acu
- Plé: conas a mhothaíonn siad anois agus fiafraí conas a d'fhéadfaimis cabhair a thabhairt
- Iad a chur ar a suaimhneas: go bhfuil an eachtra thart anois agus go nglacfar céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar an imní atá orthu.

Is fiú smaoiniamh freisin:

- Sa chás go dtugaimid tacaíocht / cluas éisteachta - b'fhéidir nár chóir é a dhéanamh sa seomra san áit ar tharla an eachtra ach in áit éigin suaimhneach, le cupán caife, nó b'fhéidir gur chóir dúinn a dhul amach ag siúl in éineacht lenár gcomhghleacaithe;
- Cén mhéad duine is mian linn a bheith ann: uaireanta is fearr duine amháin eile, uaireanta eile, b'fhéidir gurbh fearr linn beirt nó níos mó comhghleacaithe a bheith ann le haghaidh tacaíochta, nó smaointe eile a chluinstin;
- An bhfuil bealaí eile ann chun teannas / suaithheadh a mhaolú tar éis eachtra - ní mian le roinnt daoine labhairt le haon duine ar an bhfoireann ach b'fhearr leo a gcuid mothúchán a láimhseáil go príobháideach nó ar bhealaí eile. Tá bealaí éagsúla againn ar fad le déileáil le rudaí - bíodh meas agat ar an gceart atá ag daoine gan tacaíocht nó comhairle a lorg.

B'fhéidir gurbh fhiú don scoil polasaí don scoil uile a bheith aici maidir le heolas a thabhairt tar éis eachtra. Ba ghá iniúchadh a dhéanamh ar an bpolasaí sin agus é a phlé i measc na foirne ar fad chun teacht ar sheasamh aontaithe a mbainfeadh gach duine leas as. Úsáid na hacmhainní atá ag an bhfoireann chun cabhrú leis an bpróiseas seo - b'fhéidir go mbeadh cáilíocht chomhairleoireachta ag duine éigin, rud a bheadh an-áisiúil go deo.